AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 13.6.2017
SWD(2017) 247 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint**

{COM(2017) 331 final}
{SWD(2017) 246 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

An measúnú tionchar ar leasuithe féideartha ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála

## A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

I gcomhréir le Comhaontú Pittsburgh G20 2009 chun an riosca sistéamach a bhaineann le húsáid fhorleathan díorthach a laghdú, ghlac an tAontas Eorpach an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR) in 2012. Ar phríomhphiléir EMIR tá ceanglas díorthaigh chaighdeánaithe thar an gcuntar a imréiteach trí Chontrapháirtí Lárnach (CPL), ceanglas a tháinig i bhfeidhm i Nollaig 2015. Mar thoradh ar imréiteach éigeantach i gcás aicmí sócmhainní áirithe, chomh maith le méadú ar úsáid dheonach imréiteach lárnach toisc na feasachta méadaithe ar a bhuntáistí i measc rannpháirtithe sa mhargadh, tá fás gasta tagtha ar mhéid gníomhaíochta CPLanna ó glacadh EMIR – san Aontais agus ar fud an domhain go domhanda. I bhfianaise an chomhchruinnithe riosca creidmheasa atá ag méadú sna bhonneagair seo dá bharr sin, d'fhéadfaí na socruithe maoirseachta maidir le CPLanna an Aontais agus CPLanna tríú tír arna n-áirithiú in EMIR a athrú ar mhaithe le héifeachtacht.
Maidir leis na socruithe faoi EMIR i dtaca le maoirseacht ar CPLanna an Aontais atá ann faoi láthair, a bhaineann le coláistí a chomhordaíonn údarás náisiúnta thír bhaile an CPL , tá roinnt ábhar imní ann: (i) i bhfianaise na tábhachta a bhaineann le méid teoranta CPLanna maidir le córas airgeadais an Aontais ina iomláine, is ábhar imní é go bhfuil siad spleách ar údarás maoirseachta náisiúnta a dtíre baile den chuid is mó; (ii) má bhíonn cleachtais mhaoirseachta éagsúla ar fud an Aontais, is féidir go mbeidh rioscaí arbatráiste rialála agus maoirseachta ann do CPLanna agus, go hindíreach, dá gcomhaltaí imréitigh agus dá gcliaint; (iii) ní dhéantar ról na mbanc ceannais mar eisitheoirí airgeadra a léiriú go leormhaith i gcoláistí na CPLanna.
Tá ábhair imní ann chomh maith maidir le socruithe maoirseachta i dtaca le CPLanna tríú tír atá ag feidhmiú san Aontas: (i) léirigh cur chun feidhme rialacha EMIR maidir le coibhéis agus aitheantas roinnt easnamh, go háirithe maidir le maoirseacht leantach CPLanna tríú tír aitheanta, (ii) is mór an baol go mbeidh mí-ailínithe idir na cuspóirí maoirseachta agus cuspóirí na mbanc ceannais sna coláistí i gcomhthéacs CPLanna tríú tír nuair a bheidh údaráis nach den Aontas iad i gceist; (iii) d'fhéadfadh athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar rialacha CPL agus/nó ar chreat rialála tríú tír a fhágáil go mbeadh míchothrom iomaíochta ann idir CPLanna an Aontais agus CPLanna tríú tír agus go gcruthófaí scóip d'arbatráiste rialála nó maoirseachta mar faoi láthair níl aon sásra ann chun a áirithiú go gcuirfear na hathruithe sin in iúl go huathoibríoch don Aontas. Tá méid suntasach d'idirbhearta díorthach euro-ainmnithe agus idirbhearta eile atá faoi réir oibleagáid imréitigh an Aontais Eorpaigh á imréiteach ag CPLanna atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe; treisíonn sin na hábhair imní atá leagtha amach, mar gheall ar an gcion  de na hidirbhearta sin a bheidh á n-imréiteach ag CPLanna lasmuigh de dhlínse an Aontais nuair a imeoidh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Leis an tionscnamh seo meastar go dtiocfaidh feabhas ar chomhsheasmhacht na socruithe maoirseachta maidir le CPLanna atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear aitheantas leordhóthanach ar ról sonrach an bhainc cheannais eisiúna agus go gcuirfear le cumas an Aontais faireachán a dhéanamh ar rioscaí CPLanna tríú tír agus iad a shainaithint agus a mhaolú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Le EMIR rialaítear an creat rialála do CPLanna atá bunaithe san Aontas agus an córas i dtaca le CPLanna tríú tír a chuireann seirbhísí imréitigh ar fáil san Aontas. Má bhíonn comhsheasmhacht breise ar leibhéal an Aontas, is fusa aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas: (i) na rioscaí sistéamacha a bhaineann le CPLanna atá an-chomhtháite agus idirnasctha agus a fheidhmíonn ar bhonn tras-teorann lasmuigh de raon feidhme maoirseoirí náisiúnta; agus (ii) rioscaí a eascraíonn as cleachtais mhaoirseachta éagsúla, nach féidir leis na Ballstáit a réiteach leo féin. Má mhéadaítear déine na maoirseachta a dhéantar ar CPLanna sistéamacha tríú tír, féadfar aghaidh a thabhairt níos fearr ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais ar an iomlán.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Maidir le comhsheasmhacht na socruithe maoirseachta maidir le CPLanna atá bunaithe san Aontas, breithníodh na trí rogha seo a leanas: (1) an *status quo* (i.e. gan gníomhaíocht beartais) a choinneáil ar bun; (2) sásra maoirseachta Eorpach a bhunú; agus (3) maoirseoir Eorpach aonair a bhunú. Is í Rogha 2 rogha na tosaíochta, lena bhfágfaí na cumhachtaí maoirseachta atá ann faoi láthair faoi chúram na maoirseoirí náisiúnta de bharr a bhfreagrachta fioscaí, agus lena gcruthófaí sásra maoirseachta Eorpach chun déileáil le réimsí comhleasa ar bhonn níos lárnaí agus lena neartófaí páirt na mbanc ceannais eisiúna sa phróiseas maoirseachta. Ina theannta sin is í is iomchuí i leith comhsheasmhacht na socruithe maoirseachta maidir le CPLanna an Aontais a fheabhsú agus easnaimh Rogha 3 a sheachaint.
Maidir le rioscaí CPLanna tríú tír a mhaolú, breithníodh na trí rogha seo a leanas. Is éard atá i rogha 1 an *status quo* (i.e. gan gníomhaíocht beartais) a choinneáil ar bun. Faoi rogha 2, bheadh ar CPLanna tríú tír a bheith

bunaithe agus údaraithe san Aontas chun seirbhísí a chur ar fáil do chontrapháirtithe an Aontais nó d'ionaid trádála nó chun seirbhísí imréitigh a chur ar fáil in airgeadra an Aontais. De bhun rogha 3, bheadh méid agus déine na maoirseachta ar leibhéal an Aontais comhréireach agus bheidís ag brath ar na rioscaí don Aontas a bhaineann le CPLanna tríú tír. D'fhéadfaí critéir nó tairseacha éagsúla a leagan síos: (i) d'fhéadfaí CPLanna ísealtionchair a chur faoi réir chur chun feidhme feabhsaithe chóras coibhéise agus aitheantais EMIR; agus (ii) d'fhéadfaí CPLanna ag a bhfuil idir meántionchar agus mórthionchar a chur faoi réir scála aistritheach de cheanglais bhreise mhaoirseachta. Is é conclúid an mheasúnaithe tionchair gurb í rogha 3 an rogha is iomchuí i leith cumas an Aontais a fheabhsú ó thaobh faireachán a dhéanamh ar rioscaí CPLanna tríú tír, iad a shainaithint agus iad a mhaolú.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Fuarthas aiseolas ó gheallsealbhóirí trí chomhairliúcháin phoiblí a reáchtáil an Coimisiún: comhairliúchán 2015 maidir le hathbhreithniú EMIR, comhairliúchán 2017 maidir le hathbhreithniú lár téarma ar aontas na margaí caipitil, agus an comhairliúchán 2017 maidir le oibríochtaí na nÚdarás Maoirseachta Eorpacha. Maidir le maoirseacht ar CPLanna atá bunaithe san Aontas, tharraing na freagróirí, comhlachtaí a bhformhór, aird ar an ngá atá le cóineasú maoirseachta níos mó ar leibhéal an Aontais chun cineál sistéamach na CPLanna a léiriú, agus ról leordhóthanach a áirithiú d'údaráis náisiúnta agus do bhainc cheannais eisiúna. Maidir le maoirseacht ar CPLanna tríú tír, thacaigh ÚEUM agus údaráis phoiblí leis an bpróiseas aitheanta atá ann cheana a fheabhsú, cé gur thug roinnt geallsealbhóirí, ionadaithe tionscail san áireamh, foláireamh maidir leis an mbaol atá ann maidir le hilroinnt sa mhargadh.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Maidir le comhsheasmhacht na socruithe maoirseachta do CPLanna atá bunaithe san Aontas, chuirfeadh an rogha thosaíochta le comhleanúnachas na socruithe maoirseachta, agus d'áiritheofaí léi go leanfadh de réimsí sonracha na freagrachta maoirseachta agus na freagrachta fioscaí náisiúnta lena mbaineann a ailíniú. Leis an rogha seo d'áiritheofaí go mbeadh ról iomchuí ag na bainc cheannais eisiúna laistigh de raon feidhme a gcuid freagrachtaí agus go dtabharfaí níos mó soiléireachta agus intuarthachta do CPLanna agus do rannpháirtithe sa mhargadh maidir leis an gcaoi a ndéantar maoirseacht ar CPLanna san Aontas. De bharr príomhghnéithe de mhaoirseacht na CPLanna a shruthlíniú, ba cheart go mbeadh costais níos ísle mar gheall ar an rogha thosaíochta ar údaráis maoirseachta agus CPLanna.
Maidir le rioscaí CPLnna tríú tír a mhaolú, dá glacfaí an rogha thosaíochta bheadh údaráis an Aontais in ann faireachán níos fearr a dhéanamh ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú, agus cobhsaíocht iomlán chóras airgeadais an Aontais a neartú.
Laghdóidh an dá rogha thosaíochta an dóchúlacht atá íseal cheana féin (cé gur mór an tionchar amach is amach) go mbeidh an riosca ann go gclisfidh ar CPL a ísliú a thuilleadh ach feabhas a chur ar chumas na n-údarás ábhartha san Aontas carnadh rioscaí sistéamacha a bhaineann le CPLanna laistigh den Aontas a chosc agus tarchur an anáis airgeadais dhochraigh trí CPLanna tríú tír a mhaolú.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Maidir le comhsheasmhacht na socruithe maoirseachta do CPLanna atá bunaithe san Aontas, ní bheadh aon tionchar ag an rogha thosaíochta, lena gcuirfí sásra maoirseachta Eorpach do CPLanna ar bun, ní bheadh aon tionchar ag an rogha sin ar bhuiséad an Aontais, óir dhéanfaí aon chostais bhreise a chumhdach trí tháillí maoirseachta a bhailiú ó CPLanna. Bheadh na táillí sin i gcomhréir lena ngníomhaíocht, áfach, agus ní bheadh i gceist leo ach codán fíorbheag dá láimhdeachas. Dá bharr sin, níltear ag súil leis go mbeidh tionchar suntasach ag an rogha thosaíochta ar chostas an imréitigh, cibé acu le comhaltaí imréitigh nó a gcliaint siúd nó le cliaint indíreacha a bhaineann sin.
Mar an gcéanna, na hathruithe atá beartaithe chun na rioscaí a bhaineann le CPLanna tríú tír a mhaolú, ní bheadh aon tionchar ar bhuiséad an Aontais acusan ach oiread, óir dhéanfaí aon acmhainní breise le haghaidh an tsásra Eorpaigh a mhaoiniú freisin trí tháillí maoirseachta a bhailiú ó CPLanna tríú tír. Cé is moite de chostais a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh, formhór na gcostas a thitfeadh ar chontrapháirtithe imréitigh (comhaltaí imréitigh agus a gcliaint siúd) is amhlaidh a bhainfidís le beartas suite a thabhairt isteach do CPLanna Leibhéal 2, agus dhéanfaí é a ghníomhachtú ar bhonn critéir oibiachtúla.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

B'fhéidir go dtitfeadh na costais a ghabhann le maoirseachta feabhsaithe ar CPLanna an Aontais agus CPLanna tríú tír ar chliaint deiridh na CPLanna lena n-áirítear gnóthlachtaí, FBManna agus micrifhiontair. I dtéarmaí glana, ní dócha go mbeidh an méadú féideartha ar chostais imréitigh suntasach, go háirithe nuair a chuirtear iad i gcomparáid le buntáistí an togra. Bainfidh gnólachtaí, FBManna agus micrifhiontair tairbhe as an gcobhsaíocht níos fearr a thiocfaidh as cumas feabhsaithe údaráis an Aontais carnadh rioscaí sistéamacha a bhaineann le CPLanna laistigh den Aontas a chosc agus tarchur an anáis airgeadais trí CPLanna tríú tír a mhaolú. Trí shocruithe maoirseachta a shoiléiriú don Aontas agus do CPLanna tríú tír araon, in éineacht le tionscnamh de chuid REFIT ón gCoimisiún a rinneadh go deireanach faoi EMIR, tionscnamh a bhaineann le costais

| |
|---|
| dhíréireacha ar chontrapháirtithe beaga a laghdú, ba cheart go gcuideodh an soiléiriú úsáid an imréitigh lárnaigh a chur chun cinn a thuilleadh, le hidirbhearta trasteorann a éascú laistigh den Aontas agus, dá bhrí sin, cumas na FBManna rochtain a fháil ar ionstraimí airgeadais a fheabhsú, d'fhonn a rioscaí a fhálú nó d'fhonn infheistiú a dhéanamh. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ní imreofar. Na leasuithe atáthar a phlé, níor cheart go gcuirfidís costais ar bhuiséid ná ar chórais riaracháin na mBallstát. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Ní bheidh. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar EMIR ina iomláine, agus béim á leagan go háirithe ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na socruithe maoirseachta atá molta chun cuspóir bunaidh EMIR a chur i gcrích. Ba cheart an mheastóireacht sin a dhéanamh ar a laghad 5 bliana ó chur i bhfeidhm na leasuithe sin. |